



An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2023  
(OR. en)

14372/23

JAI 1332	COPEN 363
COSI 179	FREMP 292
ENFOPOL 431	JAIEX 66
ENFOCUSTOM 110	CFSP/PESC 1410
IXIM 194	COPS 489
CT 155	HYBRID 73
CRIMORG 137	DISINFO 85
FRONT 327	TELECOM 306
ASIM 92	DIGIT 223
VISA 208	COMPET 1008
CYBER 247	RECH 456
DATAPROTECT 278	CULT 122
CATS 58	COTER 185
DROIPEN 151	CORDROGUE 94

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh

---

Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 665 final
---------------------------	---------------------

---

Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an Séú Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála
--------	--

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 665 final.

Faoi iamh: COM(2023) 665 final



An Bhruiséal, 18.10.2023  
COM(2023) 665 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Séú Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis an  
Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála**

## I. Réamhrá

Trí bliana ó shin, ghlac an Coimisiún Straitéis an Aontais Slándála 2020-2025<sup>1</sup> lena sainítear na príomhthosaíochtaí don Aontas i réimse na slándála. Ó shin i leith, tá dul chun cinn láidir déanta againn faoi cheithre cholún na Straitéise – reachtaíocht shuntasach a sheachadadh i ngach rud ó chosaint eintiteas criticiúil go cibear-athléimneacht a fheabhsú. Idir an dá linn, áfach, tá tírdhreach na mbagairtí slándála san Eoraip agus inár gcomharsanacht ag forbairt i gcónaí. Is meabhrúchán lom iad na hionsaithe sceimhlitheoireachta i gceann dár scoileanna sa Fhrainc agus ar shráideanna na Bruiséile le cúpla lá anuas ar an bpráinn a bhaineann le leanúint lenár n-ollstruchtúr slándála a oiriúnú agus a threisiú. Tá an chontúirt a bhaineann le cibirionsaithe ag fás i gcónaí, rud a chothaítear freisin de réir mar a ghlacann gníomhaithe mailíseacha taobhanna sna coimhlíntí leanúnacha. Leanann bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis, ag dul i méid. D'aithin Europol cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine mar chúis le borradh suntasach i gcibirionsaithe i gcoinne spriocanna ón Aontas, agus mórionsaithe arna spreagadh go polaitiúil agus arna gcomhordú ag grúpaí haiceálaithe ar son na Rúise<sup>2</sup>. Braitheadh é sin i dtaca le bac á chur ar rochtain ar an idirlíon agus ar bhriseadh ar phríomhsheirbhísí amhail gréasáin fuinnimh<sup>3</sup>.

Ceapadh Straitéis an Aontais Slándála chun a chur ar chumas an Aontais timpeallacht na bagartha atá ag teacht chun cinn a sheasamh ar bhealach níos fearr. Ós rud é gur thugamar aghaidh ar na géarchéimeanna a bhaineann le paindéim agus cogadh, léirigh imeachtaí áirithe tábhacht an chur chuige a glacadh sa Straitéis – ár ndiongbháilteacht na naisc a chur i gceann a chéile ar fud éiceachóras slándála an Aontais, agus na stórais aonraithe sonraí idir cibearghnéithe agus gnéithe fisiceacha na slándála a bhriseadh síos, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht eagraithe agus ar an sceimhlitheoireacht chomh maith le radacú a chomhrac.

Éilítear le faireachas, áfach, gur cheart dúinn a bhfuil in easnamh inár n-iarrachtaí chun ár saoránaigh a choinneáil sábháilte a fhiosrú ar bhonn leanúnach. Leagtar amach sa Straitéis réimsí tosaíochta inar féidir leis an Aontas breisluach a thabhairt chun tacú leis na Ballstáit slándáil a chothú do gach duine atá a chónaíonn san Eoraip. Ón uair a glacadh é, tugadh aghaidh ar na gníomhaíochtaí go léir a leagadh amach agus ionchorpraíodh gníomhaíochtaí nua chun freagairt do dhúshláin slándála leanúnacha.

Ar an iomlán, chuir an Coimisiún 36 thionscnamh reachtacha i láthair faoi Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála. I gcás níos mó ná leath de na tograí sin, tá an chaibidlíocht idirinstiúideach tar éis teacht i gcrích cheana féin le reachtaíocht nua láidir, mar a thuiriscítear sa tábla in Iarscríbhinn. Mar sin féin, tá roinnt príomhthionscnamh a mhol an Coimisiún fós faoi chaibidil ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Agus deireadh ag teacht leis an téarma parlaiminteach reatha leis na toghcháin Eorpacha i mí an Mheithimh 2024, tá gá le hobair thapa chun na comhaid gan íoc sin a sheachadadh, ionas go bhféadfaidh saoránaigh tairbhe iomlán a bhaint as an Aontas Slándála. Dá bhrí sin, díritear sa 6<sup>ú</sup> tuarascáil seo ar Dhul

---

<sup>1</sup> COM(2020) 605.

<sup>2</sup> Ionsaithe Diúltaithe Dáilte Seirbhíse (DDoS): féach Tuarascáil Spotsolais Europol ‘Cibirionsaithe: buaic na coire mar sheirbhís’, an 13 Meán Fómhair 2023.

<sup>3</sup> Baineadh úsáid mhór as cuimilteoirí bogearraí mailíseacha le linn na coinbhleachta san Úcráin chun sonraí agus córais a scriosadh mar shampla iad sin a dhéanann difear do rochtain ar an idirlíon do na mílte síntiúsóir san Aontas chomh maith le mórchuideachta fuinnimh sa Ghearmáin a chaill cianrochtain faireacháin ar níos mó ná 5 800 tuirbín gaoithe. Ról na cibearshlándála i gcogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine: A thionchar agus na hiarmhairtí do thodhchaí na coinbhleachta armtha, Staidéar Pharlaimint na hEorpa, Meán Fómhair 2023 - PE 702.594.

Chun Cinn an Aontais Slándála ar na comhaid reachtacha agus neamhreachacha ríthábhachtacha sin de chuid an Aontais Slándála arna nglacadh ag an gCoimisiún a leagan amach, ar gá níos mó a dhéanamh ina leith chun tabhairt chun críche agus cur chun feidhme éifeachtach a bhaint amach.

Maidir le dlíthe an Aontais a comhaontaíodh cheana féin, ní bhraithfear a dtairbhí ach amháin nuair a chuirfear i bhfeidhm iad. Ní mór don obair díriú ar na Ballstáit iad a thrasú, a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gceart agus go hiomlán. In 2023, lean an Coimisiún lena áirithiú go soláthraítear Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála trí úsáid a bhaint as a chumhachtaí institiúideacha chun nósanna imeachta um shárú a sheoladh aon uair ar theip ar na Ballstáit reachtaíocht an Aontais a thrasú nó a thrasú go mícheart.

Tugtar achoimre sa tuarascáil seo freisin ar an áit a bhfuil gníomhaíocht na mBallstát agus/nó ghníomhaireachtaí an Aontais lárnach maidir le seachadadh. Tá ról ríthábhachtach ag gníomhaireachtaí an Aontais maidir le tacú le tionscnaimh an Aontais Slándála a chur chun feidhme, agus tá forbairt tagtha ar a bhfreagrachtaí le blianta beaga anuas. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil ar chuid de na príomhchúraimí nua a leithdháileadh orthu chun tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le príomhthionscnaimh a chur chun feidhme faoin Aontas Slándála.

Ina theannta sin, cuireadh i dtreis leis an staid gheopholaitiúil tábhacht na slándála seachtraí dár slándáil inmheánach. Tá creat inmheánach an Aontais níos láidre i réimse na slándála nasctha go bunúsach le comhpháirtíochtaí agus comhar níos láidre le tríú tíortha. Ní mór don Aontas leanúint ar aghaidh go gníomhach leis an gcaoi ar féidir le rannpháirtíocht ar fud an domhain cabhrú le sábháilteacht saoránach a dhaingniú sa bhaile.

## **II. Timpeallacht slándála a bheidh slán san am atá le teacht**

### ***Cibearshlándáil agus Athléimneacht an bhonneagair chriticiúil***

Faoin Aontas Slándála Eorpach, tá an tAontas tiomanta a áirithiú go gcosnófar saoránaigh agus gnólachtaí uile na hEorpa, ar líne agus as líne araon, agus cibearspás oscailte slán cobhsaí a chur chun cinn. Tá méadú ag teacht ar mhéid, ar mhinicíocht agus ar thionchar na dteagmhas cibearshlándála, agus is bagairt mhór iad sin ar fheidhmiú na gcóras gréasáin agus faisnéise agus ar an Margadh Inmheánach. Tá cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine tar éis an bhagairt sin a dhéanamh níos measa fós, agus tá an teannas geopholaitiúil reatha níos measa le hidirghabhálacha ón iliomad gníomhaithe stát-ailínithe, coiriúla agus haiceálaithe cúise. Leis an tsabaitéireacht a rinneadh an fómhár seo caite ar phíblínite Nord Stream, cuireadh i dtreis an chaoi a mbíonn earnálacha fíor-riachtanacha ag brath ar bhonneagar criticiúil athléimneach, earnálacha amhail fuinneamh, bonneagar digiteach, iompar agus spás. Léiríonn an eachtra le déanaí a bhain le píblíne gáis agus cábla sonraí faoin bhfarraige san Eastóin agus san Fhionlainn an gá atá le hardleibhéal ullmhachta chun aghaidh a thabhairt ar chásanna den chineál seo. Cé nach bhfuil cúis an damáiste soiléir i gcónaí agus go bhfuil imscrúduithe ar siúl, is ábhar misnigh é faisnéis a roinnt ar leibhéil éagsúla i measc na mBallstát agus an Choimisiúin. Ní raibh aon éifeacht láithreach ag na suaitheadh ó thaobh nascacht idirlín de ná ó thaobh shlándáil an tsoláthair gáis ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal áitiúil. Is comhartha é sin ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na hiarrachtaí ullmhachta treisithe le míonna beaga anuas.

Dá bhrí sin, tá creat dlíthiúil soiléir láidir ríthábhachtach chun cosaint agus athléimneacht na mbonneagar criticiúil sin a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, baineadh dul chun cinn ríthábhachtach

amach le glacadh comhthreomhar na Treorach athbhreithnithe maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (an Dara Treoir NIS)<sup>4</sup>, agus le glacadh na Treorach maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil<sup>5</sup>, ar tháinig an dá cheann acu i bhfeidhm an 16 Eanáir 2023. Anois, moltar do na Ballstáit na píosaí bunúsacha reachtaíochta sin a thrasú go tapa agus go hiomlán, faoin 17 Deireadh Fómhair 2024 ar a dhéanaí, chun creat láidir de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm chun bonneagar criticiúil an Aontais a chosaint ar bhagairtí fisiceacha agus ar chibearbhagairtí.

I mí Iúil 2023, leag an Coimisiún amach i Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún seirbhísí riachtanacha sna 11 earnáil a chumhdaítear leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil<sup>6</sup>. Is é an chéad chéim eile ná go ndéanfaidh na Ballstáit measúnuithe riosca ar na seirbhísí sin. Tar éis Mholadh ón gComhairle<sup>7</sup> an 8 Nollaig 2022, tá dlús curtha le hobair ar thástálacha struis ar bhonneagar criticiúil, ag tosú leis an earnáil fuinnimh, agus ar an gcomhar le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus le príomhthíortha comhpháirtíochta a neartú. Ba é an toradh a bhí ar an obair sin tuarascáil ó Thascfhórsa AE-ECAT maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil i mí an Mheithimh 2023, ina dtugtar cuntas ar na dúshláin slándála atá ann faoi láthair maidir le bonneagar criticiúil i gceithre phríomhearnáil (fuinneamh, iompar, bonneagar digiteach agus spás) agus ina ndéantar moltaí chun athléimneacht a fheabhsú. Tá na moltaí, lena n-áirítear maidir le comhordú méadaithe, comhroinnt faisnéise agus cleachtaí, á gcur chun feidhme ag baill foirne an Aontais agus ECAT i gcomhthéacs an Idirphlé Struchtúrtha maidir le hAthléimneacht.

Ag an am céanna, an 6 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Moladh<sup>8</sup> ón gComhairle maidir le Treoirphlean chun feabhas a chur ar an gcomhordú ar leibhéal an Aontais mar fhreagairt ar iarrachtaí chun cur isteach ar bhonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht shuntasach trasteorann ag baint leis. An 4 Deireadh Fómhair 2023 eagraíodh cleachtadh i bhfoirm plé bunaithe ar chásanna ar an Treoirphlean, chun tástáil a dhéanamh ar an gcaoi a mbeadh feidhm aige go praiticiúil agus chun bonn eolais a chur faoin gcaibidlíocht reatha ar an togra sa Chomhairle.

Tar éis glaonna ón gComhairle<sup>9</sup>, tá meastóireachtaí riosca agus cásanna riosca á ndéanamh ag an gCoimisiún, ag an Ardionadaí agus ag an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise ó thaobh na cibearshlándála de. Tá an obair seo dírithe ar dtús ar na hearnálacha teileachumarsáide agus leictreachais. Cruthaíonn rannpháirtíocht na ngníomhaireachtaí agus na ngréasán ábhartha uile, idir shibhialta agus mhíleata, measúnú cuimsitheach uileghabhálach ar fud an Aontais den chéad uair. Comhlánóidh sé tuilleadh na measúnuithe riosca slándála comhordaithe ar shlabhraí soláthair criticiúla a dhéantar faoin Dara Treoir NIS, agus na measúnuithe riosca agus na tástálacha struis ar bhonneagar criticiúil in earnálacha an fhuinnimh, na cumarsáide bonneagair dhigitigh, an iompair agus an spáis. Ar mhaithe le comhordú agus comhleanúnachas, ba cheart do na gníomhaíochtaí sin tógáil ar a chéile chun cabhrú le cur chuige caighdeánach a bhunú, agus ba cheart dóibh forbairt na gcleachtaí a

---

<sup>4</sup> Treoir (AE) 2022/2555 an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais agus Treoir (AE) 2018/1972 (An Dara Treoir).

<sup>5</sup> Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle.

<sup>6</sup> C(2023) 4878.

<sup>7</sup> Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le cur chuige comhordaithe ar fud an Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú.

<sup>8</sup> COM(2023) 526.

<sup>9</sup> Conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 maidir le cibearsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus Glao Nevers an 9 Márta 2022 chun cumais chibearshlándála an Aontais a threisiú.

dhéanfar amach anseo a threorú. Beidh rath na ngníomhaíochtaí sin ag brath anois ar rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát.

Tá feidhmiú na ngeilleagar agus na sochaithe ag brath níos mó ar sheirbhísí agus ar shonraí a bhaineann leis an spás, go háirithe i réimse na slándála agus na cosanta. Fearann straitéiseach atá sa spás ar a mbítear ag tabhairt aghaidh níos mó agus níos mó agus tá fás tagtha ar a thábhacht don tslándáil go háirithe i ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin. Glacadh le Straitéis Spáis an Aontais don tSlándáil agus don Chosaint i mí an Mhárta 2023 chun ár seasamh straitéiseach agus ár n-uathriaíl sa spás a neartú. Mar phríomhghníomhaíocht a eascraíonn as an Straitéis seo, molfaidh an Coimisiún Eorpach in 2024, Dlí Spáis AE lena rialófar sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht/slándáil gníomhaíochtaí spáis san Aontas.

Ag féachaint ar an ngné sheachtrach, tá bonneagar slán mar bhonn agus mar thaca ag athléimneacht an gheilleagair dhomhanda agus na slabhraí soláthair<sup>10</sup>, agus ar an gcúis sin cuimsítear i Straitéis an Aontais faoi Thairseach Dhomhanda gné láidir slándála. Ar an gcaoi chéanna, i bhfianaise na n-idirnascaid idir bonneagar an Aontais agus bonneagar na dtíortha comhpháirtíochta, tá comhar idirnáisiúnta breise riachtanach chun cibear-athléimneacht dhomhanda a neartú, agus chun tacú le cibearspás saor, oscailte, sábháilte agus slán.

### ***Gníomh um an gCibear-Athléimneacht***

Tá sé ríthábhachtach do chibearshlándáil na hEorpa a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí agus gnólachtaí brath ar tháirgí slána digiteacha. Rinne an Coimisiún iarracht aghaidh a thabhairt ar an ngá sin ina thogra le haghaidh Gníomh um an gCibear-Athléimneacht<sup>11</sup>, a glacadh an 15 Meán Fómhair 2022. Thabharfaí isteach leis ceanglais chothrománacha chibearshlándála éigeantacha le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar feadh 5 bliana nó ar feadh a saolré iomlán (an ceann is giorra acu sin). Chruthófaí leis na coinníollacha chun táirgí slána ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cheapadh agus a fhorbairt, trína áirithiú go gcuirfí táirgí cruaearraí agus bogearraí ar an margadh gan ach an oiread leochaileachtaí agus is féidir. Bheadh sé sin ina gharspíoc lárnach maidir le caighdeáin chibearshlándála na hEorpa a ardú i ngach réimse agus is dócha go mbeidh sé ina phointe tagartha idirnáisiúnta, rud a thabharfadh buntáistí soiléire do thionscal cibearshlándála an Aontais i margáí domhanda. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a seasaimh faoi seach i mí Iúil 2023 agus ba cheart don chaibidlíocht dul ar aghaidh go tapa.

Tá ról ríthábhachtach ag deimhniú cibearshlándála freisin maidir le muinín i dtáirgí agus seirbhísí TFC a mhéadú, rud a chuireann ar chumas tomhaltóirí, gnólachtaí agus údarais roghanna eolasacha a dhéanamh le leibhéal iomchuí cibearshlándála. Tá obair ag dul chun cinn ar an deimhniú cibearshlándála leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Critéir Choiteanna an Aontais atá á measúnú sa nós imeachta Coiste. Tá Scéim Deimhniúcháin Néalslándála an Aontais is iarrthóir á hullmhú faoi láthair ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus tá sí á plé sa Ghrúpa Deimhniúcháin Cibearshlándála Eorpach. Ba cheart cur chuige fóna dlíthiúil agus teicniúil a bheith mar thoradh ar an obair dhian le saineolaithe ó raon earnálacha, tomhaltóirí agus soláthraithe lena soláthraítear na ráthaíochtaí slándála is gá atá comhsheasmhach le dlí an Aontais, le gealltanais idirnáisiúnta agus le hoibleagáidí EDT. Ina theannta sin, tá ENISA ag ullmhú scéim iarrthóirí EU5G agus Tiachóg na Céannachta Dígí Eorpaí (EUIDW). Tá iarrachtaí comhbheartaithe ó na Ballstáit uile riachtanach chun slándáil fhoriomlán tháirgí TFC, sheirbhísí TFC agus phróisís TFC a fheabhsú.

---

<sup>10</sup> JOIN(2021) 30.

<sup>11</sup> COM(2022) 454.

## ***Rialacháin maidir le slándáil faisnéise agus maidir le cibearshlándaíl d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (EUIBAnna)***

Molta le chéile i mí an Mhárta 2022, tá na Rialacháin arna moladh chun an chibearshlándaíl agus an tslándáil faisnéise a rialú d'institiúidí an Aontais féin tar éis bogadh ag céimeanna éagsúla. Thángthas ar chomhaontú polaitiúil i mí an Mheithimh seo caite i ndáil leis an Rialachán maidir leis an gcibearshlándaíl, lenar féidir seasamh cibearshlándaíla institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais a neartú, agus lena léirítear an tábhacht a chuireann an tAontas le cur chun feidhme tapa an togra seo. Sa chás sin, is ábhar inní ar leith é go bhfuil dul chun cinn gan choinne mall déanta ag an togra comhthreomhar maidir le slándáil faisnéise, atá riachtanach chun creat reachtach láidir a chur i gcrích do EUIBAnna. Ba cheart an dá thogra a ghlacadh roimh thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa chun go mbeidh an riarachán Eorpach inchreidte agus athléimneach sa chomhthéacs geopholaitiúil reatha. Le sraith íosta rialacha agus caighdeán maidir le slándáil faisnéise do gach EUIBA, chruthófaí cinnteacht do gach páirtí lena mbaineann agus d'áiritheofaí cosaint chomhsheasmhach i gcoinne na mbagairtí atá ag teacht chun cinn ar a gcuid faisnéise, idir rúnaicmithe de chuid an Aontais agus neamh-rúnaicmithe de chuid an Aontais. I dteannta a chéile, chuirfeadh na rialacha nua sin bonn cobhsaí ar fáil le haghaidh malartú slán faisnéise ar fud EUIBAnna agus leis na Ballstáit, agus cleachtais agus bearta caighdeánaithe acu chun sreafaí faisnéise a chosaint. Dá réir sin, freagraíonn siad d'iliomad glaonna ón gComhairle chun athléimneacht EUIBAnna a fheabhsú agus chun próiseas cinnteoireachta an Aontais a chosaint ar chur isteach mailíseach ar bhealach níos fearr.

### ***An Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht***

Agus iad ag tógáil ar an gcreat láidir straitéiseach, beartais agus reachtach atá i bhfeidhm cheana féin, chuirfeadh an Gníomh um an gCibear-Dhlúthpháirtíocht<sup>12</sup> atá beartaithe a ghlac an Coimisiún an 18 Aibreán 2023, le tuilleadh feabhais ar bhrath cibearbhagairtí, athléimneachta agus ullmhachta ar gach leibhéal d'éiceachóras cibearshlándaíla an Aontais. Dhéanfaí na cuspóirí sin a chur chun feidhme trí bhíthin trí phríomhghníomhaíocht:

- (1) ***Cibear-Sciath Eorpach*** a úsáid chun cumais choiteanna braite agus feasachta staide a fhorbairt agus a fheabhsú. Is iad Lárionaid Oibríochtaí Slándála Náisiúnta uile agus Lárionaid Oibríochtaí Slándála Trasteorann uile a bheadh i gceist leis sin.
- (2) ***Sásra um Éigeandáil Chibearshlándaíla*** a chruthú chun tacú leis na Ballstáit maidir le hullmhú do theagmhais chibearshlándaíla shuntasacha agus mhórsála, freagairt orthu agus téarnamh uathu láithreach. I measc na tacaíochta do fhreagairt ar theagmhais bheadh cúlchiste cibearshlándaíla an Aontais, a bheadh ar fáil freisin d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUIBAnna), agus chuir tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach a gComhaontú Comhlachais leis an gClár don Eoraip Dhigiteach ar fáil dó sin.
- (3) ***Sásra Eorpach um Theagmhais Chibearshlándaíla*** a bhunú chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha nó mhórsála. Dhéanfaidh ENISA an tuarascáil athbhreithnithe iar-theagmhais a chomhordú agus a ullmhú.

Tá tús curtha leis an bplé sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa. Dá dtabharfaí an chaibidlíocht chun críche roimh dheireadh shainordú reatha Parlaimint na hEorpa, chuirfí go mór leis na hiarrachtaí chun saoránaigh agus gnólachtaí a chosaint ar fud an Aontais.

---

<sup>12</sup> COM(2023) 209.

## ***An tAcadamh Scileanna Cibearshlánda***

Cé go bhfuil méadú ag teacht ar chibearbhagairtí, tá gairmithe ag teastáil go práinneach ón Aontas Eorpach a bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí acu chun an tAontas a chosc, a bhrath, a dhíspreagadh agus a chosaint i gcoinne cibirionsaithe. Meastar go bhfuil a riachtanais lucht saothair cibearshlánda ag 883 000 gairmí faoi láthair, agus bhí folúntais gan líonadh idir 260 000 agus 500 000 in 2022. Ba cheart gach cuid den tsochaí a spreagadh chun cabhrú leis an mbearna sin a líonadh, ach in 2022 go háirithe, ní raibh ach 20 % de chéimithe cibearshlánda agus 19 % de speisialtóirí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ina mná. Mar chuid de Bhliain Eorpach na Scileanna 2023, ghlac an Coimisiún an 18 Aibreán 2023<sup>13</sup>, tionscnamh a d'fháiltigh na Ballstáit<sup>14</sup> roimhe chun Acadamh Scileanna Cibearshlánda a chur ar bun chun an bhearna tallainne cibearshlánda a dhúnadh. Thabharfadh an tAcadamh Scileanna Cibearshlánda tionscnaimh atá ann cheana maidir le scileanna cibearshlánda le chéile agus d'fheabhsófaí an comhordú. Spreagann an Coimisiún na Ballstáit, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith le heintitis phoiblí Eorpacha, chun straitéisí nó tionscnaimh thiomnaithe a ghlacadh maidir le scileanna cibearshlánda, nó chun scileanna cibearshlánda a chomhtháthú i straitéisí nó i dtionscnaimh ábhartha a bhfuil raon feidhme níos leithne acu (e.g. cibearshlándaíl, scileanna digiteacha, fostaíocht, etc). Beidh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara príobháideacha riachtanach freisin chun an bhearna scileanna cibearshlánda agus an ganntanas saothair san Eoraip a bhaineann leis an mbearna sin a chúngú.

### ***Dróin***

Bagairt eile atá ag teacht chun cinn go mór is ea úsáid mhailíseach drón, ar na bagairtí roimh spásanna poiblí agus roimh bonneagair chriticiúla. Tá teagmhais a bhaineann le dróin ag éirí níos minice laistigh agus lasmuigh den Aontas, agus is príomhuirlis iad réitigh frithdhrón d'fhorfheidhmiú an dlí agus d'údaráis phoiblí eile san Aontas, agus d'oibreoirí príobháideacha bonneagair chriticiúil freisin. Ag an am céanna, tá úsáid dhlísteanach drón ag cur go mór leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach<sup>15</sup>. Mar a fógraíodh sa Straitéis maidir le Dróin 2.0 a glacadh i mí na Samhna 2022, tá Teachtaireacht á glacadh ag an gCoimisiún inniu maidir le conas cur i gcoinne bagairtí féideartha a bhaineann le dróin, le tacaíocht ó dhá lámhleabhar le treoir phraiticiúil maidir le príomhghnéithe teicniúla<sup>16</sup>. Féachann an tionscnamh le creat beartais cuimsitheach agus comhchuibhithe a thairiscint, le comhthuiscint ar na rialacha atá i bhfeidhm chun bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ó dhróin a chomhrac agus chun oiriúnú de réir mar is gá d'fhorbairtí tapa sa teicneolaíocht. Iarrtar ar na Ballstáit agus ar oibreoirí príobháideacha ábhartha oibriú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún chun a chur chun feidhme iomlán a áirithiú.

### ***Slándáil mhuirí agus eitlíochta***

Tá gníomhaíochtaí aindleathacha, amhail píoráideacht, robáil armtha ar muir, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, airm agus támhshuanaigh, chomh maith le sceimhlitheoireacht, fós ina ndúshláin don tslándáil mhuirí, agus déantar iad a mhéadú trí bhagairtí atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear ionsaithe hibrideacha agus cibear-ionsaithe. Ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach an 10 Márta 2023,

---

<sup>13</sup> COM(2023) 207.

<sup>14</sup> Conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 maidir le Beartas AE maidir le Cibearchosaint

<sup>15</sup> COM(2022) 652.

<sup>16</sup> COM (2023) 659.

lena nuashonraítear Straitéis Slándála Muirí an Aontais<sup>17</sup> ar cheart í a chur chun feidhme anois i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta nuashonraithe.

I réimse na slándála eitlíochta, ghlac an Coimisiún Doiciméad Inmheánach Oibre ‘Ag obair i dtreo beartas slándála eitlíochta feabhsaithe agus níos athléimní’<sup>18</sup> an 2 Feabhra 2023, ina bhfuil clár uailmhianach chun (1) an struchtúr rialála maidir le slándáil eitlíochta a nuachóiriú (2) forbairt agus glacadh réiteach níos nuálaí a chothú; agus (3) bunlíne na slándála eitlíochta a nuashonrú ionas gur féidir le haerfoirt an Aontais leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus nua-aoiseacha chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí tosaíochta is airde. Ní mór ceithre ghníomh déag suaitheanta a chur chun feidhme laistigh de dhá bhliain.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an chaibidlíocht a thabhairt chun críche mar ábhar práinne, in aon chás roimh dheireadh shainordú Parlaimint na hEorpa reatha, maidir leis na comhaid seo a leanas:

- An togra le haghaidh Gníomh um an gCibear-Athléimneacht;
- An togra le haghaidh Gníomh um an gCibear-Dhlúthpháirtíocht;
- An Rialachán atá beartaithe maidir le slándáil faisnéise do EUIBAanna.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- trasú na Treorach maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil a shaothrú mar thosaíocht, chomh maith le tástáil struis ar bhonneagar criticiúil san earnáil fuinnimh;
- an Moladh ón gComhairle maidir le Treoirphlean a ghlacadh chun comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt do shuaitheadh ar an mbonneagar criticiúil a bhfuil ábharthacht trasteorann shuntasach ag baint leis;
- an Dara Treoir NIS a thrasú go hiomlán agus go práinneach chun cibearshlándáil eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach a threisiú;
- páirt ghníomhach a ghlacadh i measúnuithe riosca cibearshlándála a dhéanamh agus i gcásanna riosca a thógáil maidir le bonneagar criticiúil agus slabhraí soláthair;
- obair leantach a dhéanamh ar an Acadamh Scileanna Cibearshlándála le rannpháirtíocht láidir ar an leibhéal Eorpach agus le straitéisí nó tionscnaimh náisiúnta thiomnaithe maidir le scileanna cibearshlándála, lena dtugtar isteach príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla;
- oibriú le hoibreoirí príobháideacha ábhartha agus leis an gCoimisiún chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile a liostaítear sa Teachtaireacht maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr drón a chomhrac a áirithiú;
- plean Gníomhaíochta Straitéis Slándála Muirí an Aontais a chur chun feidhme agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar an méid atá bainte amach;
- Na 14 ghníomhaíocht shuaitheanta a shainaitnítear chun slándáil na heitlíochta a fheabhsú a chur chun feidhme.

<sup>17</sup> JOIN (2023) 8.

<sup>18</sup> SWD(2023) 37.

### **III. Aghaidh a thabhairt ar bhagairtí a bhíonn ag síorathrú**

Tá fianaise lom curtha ar fáil ag teannas nua geopholaitiúil ar an gcaoi a bhfuil an dúshlán slándála don Aontas ag méadú, ní hamháin sin ach go bhfuil sé ag éirí níos luainí, agus cuireann nádúr hibrideach go leor bagairtí dlús leis sin. Ní mór don tslándáil freagairt freisin ar athruithe sa tsochaí agus sa teicneolaíocht. Neartaigh paidéim COVID-19 deiseanna do chibearchoirpigh agus chonacthas leis go háirithe bagairt mhéadaithe ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne. Bíonn coirpigh agus gníomhaithe mailíseacha réidh i gcónaí chun forbairtí teicneolaíochta a dhúshaothrú. I bhfianaise bagairtí atá casta agus iltoiseach den sórt sin go minic, tá gá le gníomhaíocht láidir agus chomhsheasmhach ón Aontas.

#### ***Rialachán maidir le Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí ar Líne a chomhrac***

Léirigh Measúnú Europol ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar Líne gur tháinig méadú breise ar dhúshaothrú agus ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí in 2022 ó thaobh minicíochta agus déine de, agus go bhfuil ciontóirí fós ag baint leas as féidearthachtaí teicniúla chun a ngníomhaíochtaí agus a bhféiniúlachtaí a cheilt<sup>19</sup>. Níor leor an córas reatha atá bunaithe ar bhrath agus tuairisciú deonach ag cuideachtaí chun leanaí a chosaint. Le rialachán eatramhach, ceadaítear do chuideachtaí mí-úsáid a bhrath agus a thuairisciú go deonach, ar choinníoll go bhfuil sé sin dleathach faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Rachaidh an Rialachán sin in éag i mí Lúnasa 2024. I mí na Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún Rialachán<sup>20</sup> chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid seirbhísí ar líne chun críoch mí-úsáide gnéasaí leanaí. Cuireann an creat atá beartaithe béim láidir ar chosc. Bheadh sé d'oibleagáid ar chuideachtaí measúnú a dhéanamh ar riosca na mí-úsáide gnéasaí leanaí trína gcórais, agus bearta coisctheacha a dhéanamh. Mar rogha dheireanach, i gcás riosca suntasach agus sa chás sin amháin, d'fhéadfadh cúirteanna náisiúnta nó údaráis riaracháin neamhspleácha orduithe braite spriocdhírthe a eisiúint chuig soláthraithe seirbhíse. D'éascódh Lárionad AE neamhspleách nua iarrachtaí na soláthraithe seirbhíse atá ag gníomhú mar mhol le haghaidh saineolais, ag soláthar faisnéise iontaofa ar ábhar sainaitheanta, ag fáil agus ag anailísiú tuairiscí ar líne ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ó sholáthraithe chun tuarascálacha earráideacha a shainaithint chomh maith le tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh. Tá sé riachtanach go nglacfar leis na rialacha nua agus go gcuirfear chun feidhme iad a luaithe is féidir chun leanaí a chosaint ar thuilleadh mí-úsáide, chun cosc a chur ar ábhar teacht chun cinn arís ar líne, agus chun ciontóirí a thabhairt os comhair an cheartais. Tá caibidlíocht fós ar siúl sa Chomhairle agus sa Pharlaimint agus é mar chuspóir aici comhaontú a fháil ar an gcomhad roimh dheireadh shainordú na Parlaiminte.

#### ***Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac***

Tá an cibearfhoréigean in aghaidh na mban, lena n-áirítear i gcomhthéacs an fhoréigin baile, tagtha chun cinn mar chineál nua foréigin den sórt sin, agus tá sé ag leathadh thar Bhallstáit aonair trí bhíthin an idirlín agus uirlisí TF. I mí an Mhárta 2022, mhol an Coimisiún Treoir chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh na mban agus ar fhoréigean teaghlaigh, lena n-áirítear rialacha sonracha maidir le cibearfhoréigean agus bearta chun bearnaí sa chosaint, sa rochtain ar cheartas agus sa chosc a líonadh. Thabharfadh luathghlacadh agus cur chun feidhme uirlisí breise do na Ballstáit chun an cineál sin coireachta a chomhrac. Chuaigh na comhreachtóirí i mbun caibidlíochta idirinstiúideacha i mí Iúil 2023 agus tá sé mar aidhm acu an chaibidlíocht a thabhairt chun críche roimh dheireadh shainordú reatha Parlaimint na hEorpa.

<sup>19</sup> Europol (2023), Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar Líne (IOCTA), 2023.

<sup>20</sup> COM (2022) 209.

## ***Cibearshlándaíl 5G***

Tá slándáil líonraí 5G ina príomhthosaíocht ag an gCoimisiún agus ina cuid riachtanach dá Straitéis um an Aontas Slándála. Is bonneagar lárnach iad líonraí 5G, lena soláthraítear an bunús do raon leathan seirbhísí atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus d'fheidhmeanna sochaíocha agus eacnamaíocha ríthábhachtacha. An 15 Meitheamh 2023, d'fhoilsigh údaráis Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a bhfuil ionadaíocht acu sa Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise (NIS), le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ENISA, an dara tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Bhosca Uirlisí an Aontais maidir le cibearshlándaíl 5G. De réir na tuarascála, tá bearta reachtacha glactha nó á n-ullmhú ag 24 Bhallstát lena dtugtar na cumhachtaí do na húdaráis náisiúnta measúnú a dhéanamh ar sholáthraithe agus srianta a eisiúint, agus tá srianta den sórt sin forchurtha ag 10 mBallstát. Mar sin féin, tá gá le gníomhaíocht bhreise chun leochaileachtaí don Aontas ina iomláine a sheachaint, le tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach ar an tslándáil d'úsáideoirí aonair agus do chuideachtaí aonair ar fud an Aontais agus ar bhonneagar criticiúil an Aontais. Ní mór do gach Ballstát an Bosca Uirlisí a chur chun feidhme gan mhoill. An lá céanna, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme an Bhosca Uirlisí ag na Ballstáit agus maidir le cumarsáid chorparáideach agus gníomhaíochtaí cistiúcháin an Aontais ag an gCoimisiún féin. Chuir sé sin i dtábhacht údar mór inní maidir leis na rioscaí do shlándaíl an Aontais a bhaineann le soláthraithe trealaimh cumarsáide líonra mhóibíligh Huawei agus ZTE. Sa chomhthéacs sin, tá bearta á nglacadh ag an gCoimisiún chun neamhchosaint ar a chumarsáid chorparáideach le líonraí móibíleacha a úsáideann Huawei agus ZTE mar sholáthraithe a sheachaint. Le soláthairtí, eisiafar seirbhísí nascachta nua a bhraitheann ar threalamh ó na soláthraithe sin agus oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus le hoibreoírí teileachumarsáide chun a áirithiú go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis na soláthraithe sin ó na seirbhísí nascachta atá ann cheana ar shuíomhanna an Choimisiúin. Tá an Coimisiún ag fiosrú freisin conas an cinneadh sin a léiriú i gcláir agus in ionstraimí cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais, agus dlí an Aontais á chomhlíonadh go hiomlán aige.

## ***Rochtain ar Shonraí d'fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí***

I ré dhigiteach an lae inniu, baineann comhpháirt dhigiteach le beagnach gach coir. Tá teicneolaíochtaí agus uirlisí á n-úsáid freisin chun críocha coiriúla, lena n-áirítear iad siúd atá riachtanach chun riachtanas ár sochaí maidir le cibearshlándaíl, cosaint sonraí agus príobháideachtas a ráthú. Fágann sé sin go bhfuil sé ag éirí níos dúshlánaí forfheidhmiú dlí éifeachtach a choinneáil ar bun ar fud an Aontais chun an tslándáil phoiblí a chosaint agus chun an choireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, cé go bhfuil iarrachtaí suntasacha déanta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear trí reachtaíocht chomh maith le tionscnaimh fothaithe acmhainneachta agus nuálaíochta, tá dúshlán dhlíthiúla agus theicniúla fós ann. Bhunaigh an Coimisiún, agus Uachtaránacht na Comhairle á comhcheangal aige leis, Grúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí d'fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí chun ardán comhoibritheach a sholáthar do raon leathan páirtithe leasmhara agus saineolaithe chun iniúchadh a dhéanamh ar dhúshlán atá roimh chleachtóirí forfheidhmithe dlí choiriúil (e.g. criptiú, coinneáil sonraí, 5G agus caighdeánú). Tá súil ag an gCoimisiún go ndéanfaidh an Grúpa Ardleibhéil moltaí cothromaithe, stuama agus indéanta a cheapadh faoi mhí an Mheithimh 2024, lena léirítear castacht na saincheistean sin, lena n-áirítear ó pheirspictíochtaí na cibearshlándaíla agus na cosanta sonraí. Moltar do na Ballstáit agus do na saineolaithe rannpháirteacha, dá bhrí sin, páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas sin agus oibriú i dtreo réitigh atá éifeachtach, dleathach agus a bhfuil glacadh coitianta leo.

## ***Bagairtí hibrideacha***

I gcomhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil na bagairtí hibrideacha ag éirí níos casta agus níos sofaisticiúla, chuir Compás Straitéiseach an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl agus um Chosaint<sup>21</sup> (Compás Straitéiseach) measúnú comhroinnte ar fáil ar na bagairtí agus ar na dúshláin atá roimh an Aontas, chomh maith le plean gníomhaíochta straitéiseach. Leag an méadú ar iompar mailíseach sa chibearspás ag Stáit agus ag gníomhaithe neamhstáit, lena n-áirítear i gcomhthéacs an chogaidh i gcoinne na hÚcráine, béim bhreise ar an gcibearspás mar réimse beartais eachtraigh agus slándála. Éilíonn na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí mailíseacha agus bréagaisnéis aireachas ar leith i dtréimhsí toghcháin, lena n-áirítear sa tréimhse roimh na toghcháin Eorpacha in 2024.

I bhfianaise na rioscaí arda a bhaineann le héifeachtaí iarmharta, lean an tAontas air ag forbairt gníomhaíochtaí um chibearshlándaíl agus ag cothú comhpháirtíochtaí le tríú tíortha, lena n-áirítear idirphlé tiomnaithe maidir le cibearspás, chun cur go gníomhach lena athléimneacht fhoriomlán. Forbraíodh, athbhreithníodh agus neartaíodh roinnt uirlisí chun feabhas a chur ar chumas an Aontais aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhagairtí hibrideacha, mar a thuairiscítear sa 7<sup>ú</sup> Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Bagairtí Hibrideacha a foilsíodh an 14 Meán Fómhair 2023<sup>22</sup>. Áirítear an méid a leanas orthu sin:

- Bosca Uirlisí Hibrideach an Aontais chun creat a áirithiú le haghaidh freagairt chomhordaithe agus eolasach ar bhagairtí agus ar fheachtais hibrideacha;
- an obair leanúnach chun foirne mearfhreagartha hibrideacha an Aontais a chur ar bun le haghaidh tacaíocht shaincheaptha ghearrthéarmach do na Ballstáit, do thíortha comhpháirtíochta agus do mhisin agus d'oibríochtaí an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC);
- prótacal athbhreithnithe Oibríochtúil an Aontais chun bagairtí hibrideacha a chomhrac ('EU Playbook')<sup>23</sup> lena ndéantar cur síos ar phróisis agus ar struchtúir an Aontais a dhéileáil le bagairtí agus feachtais hibrideacha;
- treoirlínte cur chun feidhme athbhreithnithe an Chreata le haghaidh Freagairt Chomhpháirteach Taidhleoireachta ón Aontas ar Chibirghníomhaíochtaí Mailíseacha<sup>24</sup> ('Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta') lena gcumasaítear straitéisí leanúnacha, oiriúnaithe, comhleanúnacha agus comhordaithe a fhorbairt i gcoinne gníomhaithe cibearbhagartha leanúnacha;
- an Bosca Uirlisí um Ionramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis (FIMI), chun uirlisí an Aontais atá ann cheana a neartú chun FIMI a chosc, a dhíspreagadh agus chun freagairt dó;
- beartas an Aontais maidir le Cibearchosaint<sup>25</sup>, chun borradh a chur faoi chumais cibearchosanta an Aontais, feachtas stáide a fheabhsú agus comhordú a dhéanamh ar an réimse iomlán roghanna cosanta atá ar fáil, chun athléimneacht a neartú, chun freagairt do chibearionsaithe agus chun dlúthpháirtíocht agus cúnaimh frithpháirteach a áirithiú.

Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, leanúint lena gcomhar sa réimse sin agus é a fheabhsú, trí chur chun feidhme éifeachtach na mboscaí uirlisí thuasluaite a áirithiú, lena n-áirítear trí chleachtaí rialta, agus trí theacht ar chomhaontú maidir le coincheap na bhfoirne mearfhreagartha hibrideacha, lena soláthrófar treoir maidir le céimeanna breise i dtreo na foirne a bhunú.

<sup>21</sup> Doiciméad 7371/22 ón gComhairle.

<sup>22</sup> SWD(2023) 315.

<sup>23</sup> SWD(2023) 116.

<sup>24</sup> 10289/23 an 8 Meitheamh 2023.

<sup>25</sup> JOIN(2022) 49.

### ***Intleacht Shaorga i gcomhthéacs fhorfheidmiú an dlí***

Tá an intleacht shaorga tar éis fáis go mear le bheith ina gné choiteann den saol laethúil. Ní heol dúinn go hiomlán fós na héifeachtaí a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga ar an gcibearchoireacht agus ar an gcibearshlándaíl, ach is léir go mbeidh dúshláin nua ag baint leo. Cé gur féidir leis an Intleacht Shaorga tairbhí a thabhairt nuair a úsáidtear í ar bhealach sábháilte agus rialaithe, d'fhéadfadh acmhainneacht chontúirteach a bheith aige i lámha gníomhaithe mailíseacha, lena n-áirítear trí chabhrú le coirpigh a gcéannachtaí a cheilt i gcoireanna amhail an sceimhlitheoireacht agus mí-úsáid ghnéasach leanaí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go bhfanfaidh na húdaráis cothrom le dáta le forbairtí chun mí-úsáid a chosc agus chun freagairt do mhí-úsáid<sup>26</sup>. Tá sé mar aidhm ag caibidlíochtaí ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus tá céim ríthábhachtach tagtha isteach iontu, le comhrechtóirí anois ag plé saincheisteanna teicniúla agus polaitiúla a chinnfidh idirghníomhaíochtaí leis an teicneolaíocht sin sna blianta amach romhainn. Beidh sé riachtanach réitigh chothroma a aimsiú, go háirithe maidir le hiarratais ardriosca, lena n-áirítear i réimse fhorfheidmiú an dlí.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an chaibidlíocht a thabhairt chun críche mar ábhar práinne, in aon chás roimh dheireadh shainordú Parlaimint na hEorpa reatha, maidir leis na comhaid seo a leanas:

- Togra le haghaidh Rialachán maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar líne;
- Togra le haghaidh Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac;
- Togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an Intleacht Shaorga (Gníomh IS).

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cur chun feidhme iomlán Bhosca Uirlisí AE maidir le cibearshlándaíl 5G a bhaint amach gan mhoill;
- tacú le hobair an ghrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí d'fhorfheidmiú éifeachtach an dlí, d'fhonn moltaí soiléire, stuama agus indéanta a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha agus ar dhúshláin a bhfuiltear ag súil leo;
- bearta a dhéanamh, i gcomhar leis an Ardionadaí, chun cur chun feidhme éifeachtach Bhosca Uirlisí Hibrideach an Aontais, an Bhosca Uirlisí Cibirthaidhleoireachta athbhreithnithe agus an Bhosca Uirlisí FIMI a áirithiú, lena n-áirítear trí chleachtaí rialta agus trí dhinimic dhomhanda a chur san áireamh;
- teacht ar chomhaontú maidir le coincheap na bhfoirne mearfhreagartha hibrideacha.

## **IV. Muintir na hEorpa a chosaint ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht eagraithe**

<sup>26</sup> Féach, mar shampla, tuarascáil Europol a foilsíodh an 17 Aibreán 2023: ChatGPT - tionchar na Samhlacha Móra Teanga ar Fhorfheidmiú an Dlí.

Tá an baol ann i gcónaí go spreagfaidh teagmhais dhomhanda nó áitiúla ráigeanna nua sceimhlitheoireachta. Ag an am céanna, tá an choireacht eagraithe agus an gháinneáil ar dhrugaí i measc na mbagairtí is tromchúisí ar shlándáil an Aontais. Chun dlús a chur le hiarrachtaí comhchoiteanna an Aontais sa chomhrac i gcoinne na mbagairtí sin, tá obair chomhchoiteann ar siúl i gcur chun feidhme Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe<sup>27</sup>, Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac<sup>28</sup>, Clár Oibre agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí<sup>29</sup> agus Clár Oibre an Aontais maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht<sup>30</sup>. Mar sin féin, chun freagairt do chás atá ag dul in olcas, ar cúis inní é i dtéarmaí na coireachta eagraithe agus na gáinneála ar dhrugaí, tá gá le dlús breise a chur leis an obair a dhéanann na Ballstáit agus an tAontas chun ár bhfreagairt chomhchoiteann ar líonraí coiriúla a neartú agus íospartaigh na coireachta a chosaint ar bhealach níos fearr, agus tá Treochlár an Aontais chun an gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac á fhoilsiú an tráth céanna leis an tuarascáil seo<sup>31</sup>.

I réimse na frithsceimhlitheoireachta, tá an tAontas ag treisiú a bhosca uirlisí seachtrach freisin<sup>32</sup>, trí úsáid iomlán a bhaint as an Idirphlé Ardleibhéil Frithsceimhlitheoireachta agus as líonra na Saineolaithe Frithsceimhlitheoireachta/Slándála i dToscaireachtaí an Aontais, chomh maith lena rannpháirtíocht i bhfóram iltaobhacha, lena n-áirítear mar Chomhchathaoirleach ar an bhFóram Frithsceimhlitheoireachta Domhanda (GCTF).

### ***Gáinneáil ar dhrugaí***

Leis an sainordú nua atá ag Gníomhaireacht Drugaí an Aontais a mbeidh feidhm aige ó mhí Iúil 2024, is fearr a bheidh an tAontas Eorpach in ann aghaidh a thabhairt ar fhadhb chasta slándála agus sláinte a théann i bhfeidhm ar na milliúin duine san Aontas agus ar fud an domhain. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún<sup>33</sup> freisin ar na rialacháin<sup>34</sup> maidir le réamhtheachtaithe drugaí chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a saináithníodh i meastóireacht 2020<sup>35</sup>, inar leagadh béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le réamhtheachtaithe dearthóra chun soláthar drugaí neamhdhleathacha a laghdú<sup>36</sup>.

Mar sin féin, i bhfianaise méadú gan fasach ar na drugaí aindleathacha atá ar fáil san Eoraip, ní mór an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí a threisiú, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá gá le gníomhaíocht bhreise ó na Ballstáit agus ón Aontas chun líonraí coiriúla a dhíchóimeáil agus íospartaigh na coireachta a chosaint ar bhealach níos fearr. Chuir an Coimisiún Treochlár an Aontais i láthair inniu chun an gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac. Leagtar amach ann 17 ngníomhaíocht i gceithre réimse tosaíochta: athléimneacht moil lóistíochta le Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach a neartú, líonraí coiriúla a dhíchóimeáil, iarrachtaí coisctheacha a mhéadú agus comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta a neartú. Tá na gníomhaíochtaí sin le cur chun feidhme in 2024 agus 2025.

---

<sup>27</sup> COM(2021)170.

<sup>28</sup> COM(2021) 171.

<sup>29</sup> COM(2020) 606.

<sup>30</sup> COM (2020) 795.

<sup>31</sup> COM (2023) 641.

<sup>32</sup> Mar a iarradh leis an gCompás Straitéiseach agus leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le “hAghaidh a thabhairt ar an ngné sheachtrach de bhagairt sceimhlitheoireachta agus antoisceach fhoréigineach atá ag síorathrú ag díriú ar an ngné sheachtrach” a glacadh i mí an Mheithimh 2022.

<sup>33</sup> Réamhtheachtaí druga – reachtaíocht an Aontais (rialacha athbhreithnithe) (europa.eu)

<sup>34</sup> Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an Comhphobal agus tríú tíortha.

<sup>35</sup> COM(2020) 768.

<sup>36</sup> Gníomhaíocht 23 den Plean Gníomhaíochta maidir le Drugaí, COM(2020) 606.



## ***Airm thine***

Cothaíonn an gháinneáil ar airm thine an choireacht eagraithe laistigh den Aontas agus ina chomharsanacht. Meastar go bhfuil suas le 35 mhilliún arm tine aindleathach ag sibhialtaigh san Aontas, agus tá thart ar 630,000 arm tine liostaithe i gCóras Faisnéise Schengen mar airm thine a goideadh nó a cailleadh. Agus forbairt á déanamh ar bheartseachadadh gasta agus ar theicneolaíochtaí nua, tá dóigheanna nua le hairm thine a gháinneáil ag teacht chun cinn chun rialuithe a sheachaint. Tá cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine tar éis an baol a bhaineann le leathadh arm tine a mhéadú freisin. I mí Dheireadh Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún togra chun an reachtaíocht atá ann cheana maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras arm tine sibhialtach a thabhairt cothrom le dáta, chun bearnaí sna rialacha atá ann cheana a dhúnadh ar féidir leo líon na n-arm tine a smuigleáiltear agus a atreoraítear isteach san Aontas a mhéadú<sup>37</sup>. Sa mheántearma, cuideoidh na rialacha nua sin le laghdú a dhéanamh ar an mbaol go rachfar timpeall ar thrádbhaic i gcás onnmhairí arm tine lena n-úsáid ag sibhialtaigh, agus le méadú a dhéanamh ar na rialuithe ar airm thine den chineál sin ó thíortha nach tíortha den Aontas iad. Ní mór don dá chomhreachtóir fós a seasaimh a ghlacadh ar an gcomhad sin agus é mar chuspóir acu comhaontú a fháil ar an gcomhad sin roimh dheireadh shainordú na Parlaiminte seo.

## ***An gháinneáil ar dhaoine***

Coir de chineál an-tromchúiseach is ea an gháinneáil ar dhaoine agus is sárú tromchúiseach é ar chearta bunúsacha an duine. Déantar gáinneáil ar íospartaigh laistigh den Aontas, go príomha le haghaidh teacht i dtír gnéasach agus dúshaothrú saothair, ach freisin le haghaidh déircíneacht agus coiriúlacht éigeantais agus cineálacha eile dúshaothraithe. Mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2022 an Treoir maidir le Frithgháinneáil<sup>38</sup> a leasú le rialacha nuashonraithe chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chreat dlí reatha. Go háirithe, a luaithe a ghlacfaí í, chuirfeadh an Treoir athbhreithnithe pósadh éigeantais agus uchtú neamhdhleathach le raon feidhme na Treorach agus thabharfaí isteach tagairt shainráite don ghné ar líne den gháinneáil ar dhaoine. Chuimseofaí ann freisin córas éigeantach smachtbhannaí do dhéantóirí na coire agus bunú Sásraí Náisiúnta Atreoraithe a chur ar bhonn foirmiúil chun sainathint luath agus atreorú trasteorann a fheabhsú le haghaidh cúnamh agus tacaíochta d'íospartaigh. Bheadh sé éigeantach seirbhísí a sholáthraíonn íospartaigh na gáinneála a úsáid go feasach agus bheadh sé éigeantach sonraí a bhailiú go bliantúil maidir le gáinneáil ar dhaoine, a bheadh le foilsiú ag Eurostat. Ghlac an Chomhairle a cur chuige ginearálta i mí an Mheithimh 2023 agus ní mór do Pharlaimint na hEorpa a seasamh a ghlacadh fós. Beidh gá le gníomhaíocht ghasta chun teacht ar chomhaontú roimh dheireadh shainordú na Parlaiminte seo.

## ***Coireacht Chomhshaoil***

Tá an choireacht chomhshaoil ina bagairt dhomhanda anois, agus tá sí ag fás ag ráta measta idir 5 agus 7 % gach bliain. Meallann na brabúis shuntasacha is féidir a ghiniúint, bearnaí dlíthiúla idir na Ballstáit agus riosca íseal braite an choireacht eagraithe. De réir Europol, tá comharthaí ann go n-úsáidtear fáltais na ngníomhaíochtaí sin chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú. I mí na Nollag 2021, ghlac an Coimisiún togra chun teacht in ionad Threoir 2008 maidir leis an gcomhshaoil a chosaint tríd an dlí coiriúil. Díritear sa togra ar na sainmhínte ar chatagóirí na coireachta chomhshaoil a bheachtú agus a nuashonrú agus ar chineálacha agus leibhéil smachtbhannaí atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a shainiú. I measc na gcoireanna nua tá cionta a bhaineann le dífhoraíochtaí neamhdhleathach, sárúithe ar reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin, eastóscadh

<sup>37</sup> COM (2022) 480.

<sup>38</sup> COM(2022) 732.

neamhdhleathach uisce dromchla nó screamhuisce agus athchúrsáil neamhdhleathach long. Tá sé mar aidhm leis an togra an slabhra forfheidhmithe dlí agus an comhar trasteorann idir údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí AE a neartú go suntasach. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a seasaimh faoi seach maidir leis an togra agus tá siad i mbun caibidlíochta ar cheart dóibh a bheith in ann a thabhairt i gcrích faoi dheireadh na bliana. Ní mór Plean Gníomhaíochta<sup>39</sup> athbhreithnithe i gcoinne na gáinneála a chur chun feidhme chun cosc agus forfheidhmiú a neartú tuilleadh.

### ***Sócmainní a aisghabháil agus a choigistiú***

A n-ioncam aindleathach a bhaint de choirpigh, tá sin rithábachtach chun cur isteach ar an gcoireacht eagraithe. Sin an fáth, sa bhreis ar an togra lena dtugtar rochtain d'fhorfheidhmiú an dlí ar fhaisnéis faoi chuntais bhainc ar fud an Aontais<sup>40</sup> (ar thángthas ar chomhaontú polaitiúil ina leith i mí an Mheithimh 2023), gur chuir an Coimisiún togra ar aghaidh i mí na Bealtaine 2022 maidir le sócmainní a aisghabháil agus a choigistiú<sup>41</sup>, chun cumais rianaithe, sainaitheanta, caltha, coigistíochta agus bainistithe sócmainní a neartú. Baineann príomhfhóralacha an togra leis na ceanglais le haghaidh imscrúduithe airgeadais, agus le cumhachtaí agus uirlisí breise Oifigí um Aisghabháil Sócmainní, chomh maith le bearta caltha agus coigistíochta níos éifeachtaí le haghaidh sraith níos leithne coireanna. Ceann de na cionta coiriúla nua a gcuirfí na bearta sin i bhfeidhm ina leith is ea sárú ar bhearta sriantacha an Aontais. I mí na Nollag 2022, ghlac an Coimisiún togra ar leithligh chun na sainmhínithe coiriúla ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus na pionóis ina leith a chomhchuíbhiú. Tá cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach bhearta sriantacha an Aontais fós ina príomhthosaíocht ag an gCoimisiún, arna neartú le hobair an Tascfhórsa ‘Calcadh agus Coigistiú’ a bhunaigh an Coimisiún mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Maidir leis an dá thogra, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a seasaimh agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú faoi dheireadh na bliana seo.

### ***Pacáiste maidir le frithsciúradh airgid***

Tá sciúradh airgid nasctha le beagnach gach gníomhaíocht choiriúil a ghineann fáltais choiriúla san Aontas<sup>42</sup> agus, dá bhrí sin, is luamhán lárnach é chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht san Aontas. I mí Iúil 2021, chuir an Coimisiún tograí uailmhianacha chun tosaigh chun bearta an Aontais a neartú chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc<sup>43</sup>, le ceithre thogra reachtacha chun iarrachtaí ag coirpigh fáltais aindleathacha a sciúradh nó gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a mhaoiniú tríd an gcóras airgeadais a chosc agus a bhrath. Ghlac na comhreachtóirí ceann de cheithre thionscnamh an phacáiste, chun inrianaitheacht aistrithe cripteashócmhainní a áirithiú, i mí na Bealtaine 2023<sup>44</sup>. Beidh an Rialachán sin infheidhme an 30 Nollaig 2024, agus faoin dáta sin beidh ar gach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní faisnéis a bhailiú agus a shealbhú faoi thionscnóir agus tairbhí aistrithe cripteashócmhainní. Tá sé d'aidhm ag na trí thogra eile (i) údarás nua frithsciúrtha airgid a bhunú chun maoirseacht chomhsheasmhach ar ardchaighdeán a áirithiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear na heintitis trasteorann is baolaí, chun tacú le hobair na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais agus í a chomhordú, (ii) rialacha comhchuíbhithe a leagan amach don

---

<sup>39</sup> COM(2022) 581.

<sup>40</sup> COM(2021) 429.

<sup>41</sup> COM (2022) 245.

<sup>42</sup> Europol, Coirpigh fhiontracha – Comhrac na hEorpa i gcoinne líonraí domhanda na coireachta airgeadais agus eacnamaíche, 2020.

<sup>43</sup> COM (2021) 420.

<sup>44</sup> Rialachán (AE) 2023/1113 an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849.

earnáil phríobháideach, lena n-áirítear teorainn EUR 10 000 a thabhairt isteach ar fud an Aontais le haghaidh íocaíochtaí móra airgid thirim mar mhalairt ar sheirbhísí agus earraí, agus (iii) na cumhachtaí agus na huirlisí comhair d'údaráis inniúla a neartú. Meastar go gcuirfidh an pacáiste sin go mór le cumas an Aontais sciúradh airgid a chomhrac agus saoránaigh an Aontais a chosaint ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht eagraithe. Tá na trí thogra gan cur i gcrích faoi chaibidil faoi láthair ag comhreachtóirí agus é mar chuspóir acu comhaontú a fháil ar an gcomhad sin roimh dheireadh shainordú na Parlaiminte seo.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an chaibidlíocht idirinstiúideach a thabhairt chun críche mar ábhar práinne, in aon chás roimh dheireadh shainordú Parlaimint na hEorpa reatha, maidir leis na comhaid seo a leanas:

- Togra le haghaidh Treoir maidir le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú;
- Togra le haghaidh Treoir chun na sainmhínte coiriúla ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus na pionóis ina leith a chomhchuíbhíú;
- Togra le haghaidh Treoir Frithgháinneála;
- Togra le haghaidh Treoir lena bhfeabhsaítear cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil;
- Togra le haghaidh pacáiste Frithsciúrtha Airgid;
- Togra chun an reachtaíocht atá ann cheana maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras arm tine sibhialtach a thabhairt cothrom le dáta.

Iarann an Coimisiún ar na Ballstáit, ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí de chuid an Aontais an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Oibriú le chéile i dtreo chur chun feidhme 17 ngníomhaíocht Threochlár an Aontais chun an gháinneáil ar dhruaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac in 2023 agus 2024.

## V. Éiceachóras slándála Eorpach láidir

Le blianta beaga anuas, tá bagairtí slándála ag éirí de bheith ina gcineál bagairtí trasteorann de réir a chéile, rud a éilíonn tuilleadh sineirgí agus comhar níos dlúithe ar gach leibhéal. Ó glacadh Straitéis an Aontais Slándála, glacadh tionscnaimh thábhachtacha chun an comhar trasteorann a uasmhéadú, na hionstraimí agus na nósanna imeachta atá ar fáil ag na teorainneacha seachtracha agus laistigh de limistéar Schengen a chuíchóiriú agus a uasghrádú, chomh maith leis an malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha a fheabhsú chun an choireacht eagraithe a chomhrac ar bhealach níos fearr. Ina fhianaise sin, is colún tábhachtach é cur chun feidhme éifeachtach an chreata idir-inoibritheachta chun sonraí a mhalartú chun an tslándáil a fheabhsú agus chun freagairt éifeachtach Eorpach ar bhagairtí trasteorann a fheabhsú, agus an tsaorghluaiseacht inmheánach á ráthú ag an am céanna.

### ***Malartú feabhsaithe faisnéise laistigh de limistéar Schengen: Réamhaisnéis faoi Phaisinéirí (API), Taifid Ainmneacha Paisinéirí (PNR) agus Prüm II***

Chuirfeadh an dá thogra API a ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2022<sup>45</sup> le slándáil inmheánach an Aontais trí uirlisí breise a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát chun an

<sup>45</sup> COM(2022) 729, COM(2022) 73.

choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Go háirithe, chuirfeadh réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí faoi eitiltí laistigh den Aontas, a úsáidtear in éineacht le PNR thaistealaithe aeir, ar chumas údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát éifeachtúlacht a n-imscrúduithe a mhéadú go suntasach le hidirghabhálacha níos spriocdhírith. Tá sé tábhachtach go nglacfar na rialacha atá beartaithe a luaithe is féidir: ní hamháin go dtacódh sé sin leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta ach laghdódh sé go suntasach freisin an gá atá le seiceálacha córasacha ar gach taistealaí i gcás seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach arís go sealadach, rud a éascódh an t-aerthaisteal agus an tsaoirse gluaiseachta. An 6 Meán Fómhair 2023, mhol an Coimisiún Eorpach go n-údaródh an Chomhairle caibidlíocht leis an Eilvéis, leis an Íoslainn agus leis an Iorua le haghaidh comhaontuithe maidir le sonraí ón Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú. Thacódh glacadh na dtrí Mholadh sin le beartas seachtrach PNR de chuid an Aontais a bheadh comhsheasmhach agus éifeachtach.

Úsáideann na póilíní malartuithe Prüm ar bhonn laethúil chun an choireacht eagraithe, drugaí, sceimhlitheoireacht, teacht i dtír gnéasach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Leis an togra le haghaidh rialachán maidir le malartú sonraí uathoibrith le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II')<sup>46</sup> déantar athbhreithniú ar an gcreat Prüm atá ann cheana d'fhonn bearnaí faisnéise a dhúnadh agus d'fhonn dlús a chur le cionta coiriúla san Aontas a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Leis na rialacha athbhreithnithe maidir le malartú sonraí uathoibrith le haghaidh comhar póilíneachta, comhlánaítear na tograí maidir le Comhar Póilíneachta sa sainordú sin, in éineacht leis an moladh ón gComhairle a glacadh cheana lena neartaítear comhar oibríochtúil trasteorann agus an Treoir maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí. Le glacadh agus cur chun feidhme tapa na n-ionstraimí gaolmhara sin, dhéanfaí malartú sonraí idir údaráis forfheidhmithe dlí a fheabhsú, a éascú agus a luathú agus chuideodh sé coirpigh a shainaithint.

### ***Córas bainistithe teorainneacha atá go hiomlán idir-inoibrith le haghaidh Limistéar Schengen atá slán, láidir, digiteach agus aontaithe***

Tá limistéar Schengen gan teorainneacha inmheánacha atá ag feidhmiú go maith ag brath ar an iontaoibh fhrithpháirteach i measc na mBallstát. Braitheann sé sin ina dhiaidh sin ar rialuithe éifeachtúla, cibé acu ag teorainneacha seachtracha an Aontais nó mar bhearta malartacha ar chríoch na mBallstát. Leagtar amach sa leasú a mhol an Coimisiún ar Chód Teorainneacha Schengen<sup>47</sup> conas is féidir leis na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as roghanna eile seachas rialuithe ar theorainneacha inmheánacha, ar féidir leo ardleibhéal slándála a thairiscint. Tá sé tábhachtach go ndéanfar an leasú ar Chód Teorainneacha Schengen a ghlacadh agus a chur chun feidhme ina iomláine chun leibhéal ard comhréireach slándála a áirithiú laistigh de limistéar Schengen. Tá struchtúr nua chórais faisnéise an Aontais á forbairt i gcónaí freisin chun tacú níos fearr le hobair na n-údarás náisiúnta chun slándáil agus bainistiú teorainneacha a áirithiú. Cuimsítear ann Córas Faisnéise Schengen athnuaite, an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, an Córas Dul Isteach/Imeachta, nuashonrú an Chórais Faisnéise Viosaí, agus an creat idir-inoibrithreachta chun chórais a nascadh le chéile faoi shlándáil iomlán. Nuair a bheidh an struchtúr nua seo iomlán, chuirfí faisnéis slándála níos cuimsithí agus níos iontaofa ar fáil do na húdaráis náisiúnta. Tá comhpháirteanna uile an chreata idir-inoibrithreachta fíorriachtanach, rud a chiallaíonn gurb é cur i bhfeidhm moillithe do chách a bhíonn mar thoradh ar mhoill ar ghné amháin nó i mBallstát amháin. Ba cheart moilleanna ar fhorbairt theicniúil an chórais Dul Isteach/Imeachta a laghdú a mhéid is féidir, ionas gur féidir leis an gCóras Dul

---

<sup>46</sup> COM(2021) 784.

<sup>47</sup> COM(2021) 891.

Isteach/Imeachta tosú ag feidhmiú a luaithe is féidir agus gur féidir príomhghnéithe uile an chreata idir-inoibritheachta a chur I bhfeidhm.

Chuirfeadh an togra Scagtha feabhas<sup>48</sup> ar an tslándáil laistigh de limistéar Schengen trí rialacha aonfhoirmeacha a chruthú maidir le sainaitheint náisiúnach tríú tír nach gcomhlíonann na coinníollacha iontrála dá dtagraítear i gCód Teorainneacha Schengen, agus iad a chur faoi bhráid na seiceálacha sláinte agus slándála ag na teorainneacha seachtracha. Thacódh an córas Eurodac atá beartaithe leis na cuspóirí sin lena léireofaí i gcás inar dealraitheach tar éis an scagtha go bhféadfadh duine aonair a bheith ina bhagairt ar an tslándáil inmheánach. D'éascódh sé sin, dá réir sin, cur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe maidir le Tearmann agus Bainistiú Imirce. Molann an Coimisiún do na comhreachtóirí an chaibidlíocht maidir leis na comhaid sin a thabhairt i gcrích go tapa roimh dheireadh na tréimhse reachtaí reatha.

### ***Frithéilliú***

Déanann an t-éilliú an-dochar dár ndaonlathais, don gheilleagar agus dár slándáil, mar go bhfeidhmíonn sé mar chumasóir don choireacht eagraithe agus do chur isteach eachtrach naimhdeach. Tá sé ríthábhachtach an t-éilliú a chosc agus a chomhrac go rathúil chun luachanna an Aontais agus éifeachtacht bheartais an Aontais a chosaint, agus chun an smacht reachta agus muinín astu siúd a rialaíonn agus sna hinstiúidí poiblí a chaomhnú. Mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen in Óráid ar Staid an Aontais in 2022, ghlac an Coimisiún pacáiste beart frithéillithe an 3 Bealtaine 2023<sup>49</sup>. Áirítear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac rialacha neartaithe lena ndéantar cionta éillithe a choiriú agus pionóis a chomhchuíbhíú ar fud an Aontais. Cumasaítear leis imscrúduithe agus ionchúisimh éifeachtacha freisin agus leagann sé béim láidir ar chultúr ionracais a chosc agus a chruthú nach nglactar leis an éilliú ann. Tá tús curtha leis an bplé ar an togra sin i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle. Ina theannta sin, iarrtar ar na Ballstáit na moltaí a eascraíonn as an gcolún frithéillithe i dtuarascáil 2023 maidir leis an Smacht Reachta a glacadh an 5 Iúil 2023 a chur chun feidhme. Le togra ón Ardionadaí, le tacaíocht ón gCoimisiún, moltar freisin córas tiomnaithe smachtbhannaí de chuid an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) a bhunú chun díriú ar ghníomhartha tromchúiseacha éillithe ar fud an domhain.

### ***Ceartha íospartach a neartú***

An 12 Iúil 2023, mhol an Coimisiún leasuithe ar an Treoir maidir le Ceartha Íospartach, chun rochtain na n-íospartach ar fhaisnéis, ar thacaíocht agus ar chosaint, ar rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla agus ar rochtain ar chúiteamh a neartú. Ceann de chuspóirí foriomlána an athbhreithnithe is ea cur le hardleibhéal slándála trí thimpeallacht níos sábháilte a chruthú d'íospartaigh chun tuairisciú coireanna a spreagadh, rud a laghdóidh an eagla roimh bhearta díoltais.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an chaibidlíocht a thabhairt chun críche mar ábhar práinne, in aon chás roimh dheireadh shainordú Parlaimint na hEorpa reatha, maidir leis na comhaid seo a leanas:

- Togra maidir le rialachán Prüm II;
- Tograí maidir le Réamhaisnéis faoi Phaisinéirí (API);
- Tograí maidir le Frithéilliú agus go háirithe chun córas tiomnaithe smachtbhannaí de chuid an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) a bhunú;
- Togra le haghaidh Leasaithe ar Rialachán Chód Teorainneacha Schengen;

<sup>48</sup> COM(2020) 612.

<sup>49</sup> COM(2023) 234.

- Togra le haghaidh Treorach maidir le Cearta Íospartach;
- Togra ar Scagadh.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a áirithiú go dtiocfaidh an córas Dul Isteach/Imeachta i bhfeidhm a luaithe is féidir chun cur chun feidhme struchtúr an Aontais maidir le malartú faisnéise a chur i gcrích.

## VI. Cur chun Feidhme

Is freagracht chomhroinnte é slándáil na hEorpa ina hiomláine a áirithiú, freagracht nach mór do gach gníomhaí a chion féin a dhéanamh, ón gCoimisiún agus ó na comhreachtóirí ag glacadh rialacha nua, láidre, cuimsitheacha agus praiticiúla, go dtí na Ballstáit rialacha den sórt sin a thrasú, a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go tráthúil, agus an obair oibríochtúil a dhéanann údaráis, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara éagsúla ar an láthair. Tá ról lárnach ag gníomhaireachtaí an Aontais i réimsí an cheartais, na ngnóthaí baile agus na cibearshlándála freisin, rud a mhéadaigh trí shíneadh a gcuid freagrachtaí le déanaí.

### *Scagadh feabhsaithe ar thairbhíthe chistiú ón Aontais*

Agus buiséad an Aontais á chur chun feidhme aige, tá freagracht ar an gCoimisiún a áirithiú go n-urramaíonn tairbhíthe an chistithe ón Aontas luachanna an Aontais. Tá na sásraí agus na córais rialaithe lena gcinntear cé a d'fhéadfadh tairbhí de chistiú ón Aontas láidir cheana féin, agus leis an gcaibidlíocht leanúnach maidir le hathmhúnlú an Rialacháin Airgeadais féachtar le modhanna dlíthiúla níos láidre a thabhairt don Choimisiún freisin chun gníomhú más gá. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag obair faoi láthair ar bhealaí chun feabhas breise a chur ar an scagadh ar thairbhíthe reatha agus ar thairbhíthe ionchasacha cistithe ón Aontas amach anseo, trí fheabhas a chur ar an treoraíocht maidir le hoibleagáidí a bhaineann le hurraim do luachanna an Aontais agus na hiarmhairtí ba chearta a bheith ann nuair a dhéantar luachanna an Aontais a shárú. Soiléireofar leis sin na freagrachtaí atá ar thairbhíthe agus orthu siúd a dhéanann rialuithe ar leibhéal an Aontais agus d'fhéadfadh sé a bheith ina fhoinse inspioráide don leibhéal náisiúnta. I gcás sárú ar na coinníollacha cistiúcháin, ní dhéanann an Coimisiún, agus ní bheidh aon leisce air, stop a chur le comhar le tairbhíthe an tionscadail lena mbaineann, agus cistí a ghnóthú más gá. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit faisnéis a chomhroinnt go réamhghníomhach leis an gCoimisiún nuair a bheidh siad ar an eolas faoi rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le heagraíochtaí a dhéanann iarratas ar chistiú ón Aontas.

### *Sáruithe*

I réimse na slándála, tá go leor nósanna imeachta um shárú déanta ag an gCoimisiún. Mar shampla, in 2023, tionscnaíodh líon mór cásanna maidir le sárú mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialachán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne (16 Bhallstát)<sup>50</sup>, agus le linn na mblianta 2022 agus 2023, fuair 20 Ballstát litreacha breise um fhógra foirmiúil mar gheall ar chur chun feidhme mícheart Threoir 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac<sup>51</sup>. Tá líon suntasach cásanna um shárú fós ar oscailt le haghaidh neamhchomhréireacht na reachtaíochta náisiúnta le Treoir 2017

<sup>50</sup> Rialachán (AE) 2021/784 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne.

<sup>51</sup> Treoir (AE) 2011/93 maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac.

maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac<sup>52</sup> agus le haghaidh mainneachtain rialacha a thrasú lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh<sup>53</sup>. I measc na réimsí eile ina bhfuil imeachtaí sáraithe fós ar siúl tá reachtaíocht maidir le hairm thine; rialacha maidir le substaintí sícighníomhacha a úsáidtear i ndrugaí, calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac, sciúradh airgid a chomhrac, taifid choiriúla a mhalartú idir Ballstáit an Aontais, agus an Treoir maidir le Cearta Íospartach. Cuireadh tacaíocht (teicniúil agus airgeadais) ar fáil do na Ballstáit a chuireann tionscnaimh agus gníomhaíochtaí comhaontaithe chun feidhme agus tá an Coimisiún fós ar fáil chun oibriú leis na Ballstáit chun an cur chun feidhme a bharrfheabhsú.

### ***Faireachán trí mheastóireachtaí Schengen agus a chóras rialachais nua***

Lean sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen de bheith ag rannchuidiú le cur chun feidhme éifeachtach rialacha Schengen atá dírithe ar an tslándáil a fheabhsú laistigh den limistéar gan rialuithe inmheánacha. In 2023, rinneadh na chéad mheastóireachtaí faoin sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen treisithe lena féidir leochaileachtaí straitéiseacha a shainiú agus a leigheas go tráthúil, ar leochaileachtaí iad a bhfuil tionchar trasteorann acu ar an tslándáil agus ar an tsábháilteacht laistigh den Aontas. Ina theannta sin, in 2023, sheol an Coimisiún meastóireacht théamach Schengen chun measúnú a dhéanamh ar chleachtais na mBallstát a bhfuil dúshláin chomhchosúla rompu maidir le gáinneáil ar dhruaí isteach san Aontas a chomhrac, go háirithe ag díriú ar gháinneáil ar dhruaí ar an mórscála. Leis na meastóireachtaí sin tugadh fócas treisithe agus níos cuimsithí ar ghnéithe slándála Schengen. Bunaithe ar thorthaí na meastóireachtaí tréimhsiúla, téamacha agus neamhfhógartha Schengen, bhunaigh an Chomhairle i mí an Mheithimh 2023 tosaíochtaí thimthriall Schengen 2023-2024. Leagtar amach ann réimsí fócais a dteastaíonn spreagadh breise uathu le haghaidh limistéar Schengen níos sábháilte agus níos láidre. Le cur chun feidhme éifeachtach agus tapa na dtosaíochtaí sin mar aon le comhordú méadaithe beartais Chomhairle Schengen, neartófar tuilleadh an comhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus déanfar comhar oibríochtúil trasteorann a uasmhéadú.

### ***Ról gníomhaireachtaí agus chomhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh***

Tá an chomhpháirtíocht ríthábhachtach do chur chun feidhme thionscnaimh an Aontais Slándála toisc go bhfuil gá le hobair na n-údarás agus na gcomhlachtaí náisiúnta agus Eorpacha éagsúla chun torthaí nithiúla a thabhairt. Mar shampla, cumasaíonn EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla) comhar struchtúrtha ildisciplíneach na mBallstát, le tacaíocht ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais (amhail Europol, Frontex, Eurojust, CEPOL, OLAF, EU-LISA). Comhordaíonn na hoibríochtaí a dhéanann EMPACT lena n-áirítear trí Thascfhórsaí Oibríochtúla tiomnaithe iarrachtaí na mBallstát agus na gcomhpháirtithe oibríochtúla maidir le líonraí coiriúla agus coireacht thromchúiseach a chomhrac. In 2022 amháin, bhí 9 922 ghabháil san iomlán mar thoradh ar EMPACT, os cionn EUR 180 milliún i sócmhainní agus airgead a urghabhadh, 9 263 imscrúdú a tionscnaíodh, 4 019 íospartach a sainiú, os cionn 62 thona drugaí a urghabhadh, 51 Sprioc Ardluacha a sainiú agus 12 a gabhadh, oibríochtaí i gcomhthéacs an chogaidh

<sup>52</sup> Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle.

<sup>53</sup> Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle.

fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine agus bagairtí a bhaineann le hairm thine.

Tá Frontex, an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus an Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), fós ag treisiú a gcomhar maidir le feidhmeanna garda cósta chun tacú le húdaráis náisiúnta sábháilteacht agus slándáil ar muir a mhéadú. Cuirfidh na gníomhaireachtaí sin go mór le cur chun feidhme straitéis slándála muirí an Aontais Eorpaigh.

Thug roinnt tionscnamh de chuid an Aontais Slándála freagrachtaí agus cúraimí nua do Gníomhaireachtaí ábhartha, a bhfuil impleachtaí acu uaireanta i dtaobh acmhainní daonna.

### *Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)*

Maidir le hullmhacht agus freagairt ar theagmhais chun an chibearshlándáil a fheabhsú, tá gníomhaíocht ghearrthéarmach curtha ar bun ag an gCoimisiún chun tacú leis na Ballstáit, agus cistiú ón gClár don Eoraip Dhigiteach á aistriú chuig **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)** ar mhaithe le hullmhacht agus acmhainní a threisiú chun freagairt do mhórtheagmhais chibearshlándála. Cuireann an togra le haghaidh an Ghnímh um an gCibear-Dhlúthpháirtíocht a glacadh i mí Aibreáin 2023 leis an ngníomhaíocht sin agus, a luaithe a ghlacfaidh comhreachtóirí é, féadfaidh sé cúraimí breise a chur ar ENISA amhail feidhmiú agus riaradh chúlchiste cibearshlándála an Aontais amach anseo nó tuarascáil athbhreithnithe ar theagmhais a ullmhú tar éis teagmhais mhórsála cibearshlándála. Chuirfeadh an Gníomh um an gCibear-Athléimneacht atá beartaithe de chúram ar ENISA fógraí a fháil ó mhonaróirí faoi leochaileachtaí i dtáirgí lena mbaineann eilimintí digiteacha, agus faoi theagmhais a bhfuil tionchar acu ar shlándáil na dtáirgí sin, a mbeifí ag súil go gcuirfeadh ENISA iad ar aghaidh chuig na CSIRTanna ábhartha nó chuig pointí teagmhála aonair ábhartha na mBallstát. Táthar ag súil freisin go n-ullmhóidh ENISA tuarascáil theicniúil dhébhliantúil maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn i ndáil le rioscaí cibearshlándála i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus go gcuirfidh sí faoi bhráid an Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise í.

### *An Lárionad Eorpach Inniúlachta um Chibearshlándáil*

Is é an **Lárionad Eorpach Inniúlachta um Chibearshlándáil (ECCC)**, in éineacht le Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (NCCanna), comhlacht nua an Aontais chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an mbeartas tionsclaíoch sa chibearshlándáil. Neartóidh an t-éiceachóras sin cumais an phobail teicneolaíochta cibearshlándála, coinneoidh sé barr feabhais ar an taighde agus treiseoidh sé iomaíochas thionscal an Aontais sa réimse sin. Déanfaidh ECCC agus na NCCanna cinntí infheistíochta straitéiseacha agus comhthiomsóidh siad acmhainní ón Aontas, óna Bhallstáit agus, go hindíreach, ón tionscal chun acmhainneachtaí teicneolaíochta agus cibearshlándála tionsclaíocha a fheabhsú agus a neartú. Dá bhrí sin, tá ról lárnach ag an ECCC maidir le cuspóirí uaillmhianacha cibearshlándála na gClár don Eoraip Dhigiteach agus Fís Eorpach a bhaint amach.

Tá níos mó ná leath dá fhoireann earcaithe ag an ECCC, agus earcóidh sé a Stiúrthóir Feidhmiúcháin go luath. Áirítear ar an obair atá ar bun cheana/an chuid chibearshlándála den chlár DIGITEACH agus clár oibre straitéiseach<sup>54</sup> nua d'fhorbairt agus d'imscaradh na teicneolaíochta ina leagtar amach gníomhaíochtaí tosaíochta chun tacú le FBManna teicneolaíochtaí, seirbhísí agus próisis chibearshlándála straitéiseacha a fhorbairt agus a úsáid; tacú leis an lucht saothair gairmiúil agus é a fhás; agus saineolas taighde, forbartha agus nuálaíochta a neartú san éiceachóras cibearshlándála Eorpach níos leithne.

### *Europol*

Le sainordú úrnua, beidh sé níos fearr ag **Europol** tacú leis na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe. Is príomhthosaíocht é an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhruaí i bhfianaise na tábhachta méadaithí atá leis agus i bhfianaise an tionchair dhiúltaigh atá aige ar shlándáil shaoránaigh an Aontais, tionchar atá ag dul i méid. Tar éis údarú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 15 Bealtaine 2023, tá an Coimisiún ag obair go gníomhach chun comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích leis an mBolaiv, leis an mBrasaíl, le hEacuadór, le Meicsiceo agus le Peiriú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú le Europol agus é d'aidhm aige an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac.

### *Eurojust*

Le breis agus 20 bliain de thaithí ar thacaíocht bhreithiúnach a sholáthar d'údarais náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar raon leathan coireanna trasteorann tromchúiseacha agus casta, dhaingnigh **Eurojust** a sheasamh i limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais. Chun comhar a neartú i gcoinne, tá comhaontuithe idirnáisiúnta á gcaibidliú ag an gCoimisiún chun comhar idir Eurojust agus 13 thríú tír a éascú chun sonraí pearsanta a mhalartú chun an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac<sup>55</sup>. Tá an chaibidliocht tugtha chun críche cheana féin leis an Airméin agus leis an Liobáin, tá siad ar siúl leis an Ailgéir agus leis an gColóim fós agus tá siad tosaithe leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin. Molann an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe leis na tíortha sin a thabhairt chun críche roimh dheireadh an téarma parlaimintigh, chun comhar breithiúnach trasnáisiúnta a neartú agus chun an comhrac i gcoinne na coireachta trasteorann a leathnú.

### *OIPE*

Ó cuireadh tús lena ghníomhaíochtaí oibríochtúla i mí an Mheithimh 2021, bhí **Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)** ina huirlis chumhachtach i mbosca uirlisí an Aontais chun cionta a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear cionta a bhaineann le rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil, nuair a dhírítear ar choireanna in aghaidh bhuiséad an Aontais. Molann an Coimisiún do na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach fós i gcomhar feabhsaithe OIPE é sin a dhéanamh a luaithe is féidir chun lánacmhainneacht OIPE a bhaint amach maidir le hairgead cáiníocóirí an Aontais a chosaint.

### *EUDA*

Le sainordú nua a ghlac na comhreachtóirí i mí an Mheithimh 2023, beidh an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhruaí agus um Andúil i nDruaí (EMCDDA) ina ghníomhaireacht lánfheidhmeach – **Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA)** – le ról neartaithe. Beidh an ghníomhaireacht in ann measúnú a dhéanamh ar dhúshlán nua sláinte agus slándála

<sup>54</sup> [https://cybersecurity-centre.europa.eu/strategic-agenda\\_en](https://cybersecurity-centre.europa.eu/strategic-agenda_en)

<sup>55</sup> An Ailgéir, an Airgintín, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasaíl, an Cholóim, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Túinéis agus an Tuirc.

a bhaineann le drugaí aindleathacha ar bhealach níos cuimsithí, agus rannchuidiú níos éifeachtaí le hobair ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Leanfaidh bailiú, anailísiú agus scaipeadh sonraí de bheith ar phríomhchúram na gníomhaireachta, ach leis an sainordú feabhsaithe beidh an ghníomhaireacht in ann cumais ghinearálta measúnaithe ar bhagairtí sláinte agus slándála a fhorbairt chun bagairtí atá ag teacht chun cinn a shainathint, lena n-áirítear úsáid ilsubstaintí, a comhar a neartú trí phointí fócais náisiúnta, agus líonra saotharlann a chur i bhfeidhm lena gcuirfear faisnéis fhóirínseach agus thocsaineolaíoch ar fáil don ghníomhaireacht. Cuideoidh sé sin leis an ngníomhaireacht foláirimh a eisiúint nuair a bhíonn substaintí an-chontúirteacha le feiceáil ar an margadh agus feasacht a mhúscailt.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an chaibidlíocht idirinstiúideach a thabhairt chun críche mar ábhar práinne, in aon chás roimh dheireadh shainordú Parlaimint na hEorpa reatha, maidir leis na comhaid seo a leanas:

- Togra maidir le hathmhúnlú an Rialacháin Airgeadais.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis a chomhroinnt go réamhghníomhach leis an gCoimisiún nuair a bheidh siad ar an eolas faoi rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le heagraíochtaí a dhéanann iarratas ar chistiú ón Aontas;
- tosaíochtaí thimthriall Schengen 2023-2024 a chur chun feidhme go tapa le haghaidh limistéar Schengen níos sábháilte agus níos láidre;
- aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta um shárú a osclaítear ina gcoinne chun trasuí cuí na reachtaíochta lena mbaineann a áirithiú.

## VII. Conclúid

Tá iarracht leanúnach agus dhiongbháilte déanta le trí bliana anuas chun beocht a chur san uaimhian Aontas Slándála a chruthú don Aontas. Rinneadh dul chun cinn ollmhór ar fud speictream iomlán an réimse beartais slándála. Anois, éilíonn réaltacht na mbagairtí atá ag teacht chun cinn i gcónaí iarrachtaí leanúnacha le spreagadh athnuaite. Ní mór obair ar an gcreat reachtach a thabhairt i gcrích in am trátha roimh dheireadh an téarma parlaimintigh in earrach 2024. Tá freagrachtaí leanúnacha ar na Ballstáit dlíthe nua a thrasuí, a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Éilíonn cur chun feidhme iarrachtaí comhbheartaithe lena n-áirítear le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais – agus go han-mhinic le haghaidh comhar níos láidre riamh lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.

Is le hiarrachtaí comhchoiteanna agus diongbháilte gach duine lena mbaineann amháin a bhainfidimid amach na leibhéil sábháilteachta agus slándála san Aontas a bhfuil saoránaigh ag súil leo – agus i gcúinsí an lae inniu, ba cheart go mbeadh sé ina thosaíocht ag gach gníomhaí a gcion féin a dhéanamh maidir le slándáil an Aontais a neartú.